**CINNEADH (AE) 2023/1575 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 27 Iúil 2023**

**maidir le cainníocht na lamháltas ar fud an Aontais atá le heisiúint faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais do 2024**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 9 agus Airteagal 9a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2020/1722 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos cainníocht na lamháltas ar fud an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir 2003/87/CE do 2021 ag 1 571 583 007 lamháltas, agus an méadú ar an bhfachtóir laghdaithe línigh á chur i bhfeidhm go 2,2 % dar thús 2021. Mar thoradh ar an bhfachtóir laghdaithe línigh sin, is é 1 485 575 977 cainníocht na lamháltas ar fud an Aontais do 2023.

(2) Le Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), leasaíodh Treoir 2003/87/CE chun cainníocht na lamháltas ar fud an Aontais in 2024 a laghdú 90 milliún lamháltas, agus chun na cainníochtaí a mhéadú 78,4 milliún lamháltas le haghaidh muiriompair. Laghdaítear cainníocht na lamháltas ar fud an Aontais do 2024 a leagtar amach sa Chinneadh seo faoin gcéad mhéid agus méadaítear í faoin dara méid.

(3) Le Treoir (AE) 2023/959, leasaíodh Treoir 2003/87/CE freisin chun an fachtóir líneach a mhéadú go 4,3 % do na blianta 2024 go 2027. Tá feidhm ag an bhfachtóir líneach maidir le meánchainníocht iomlán bhliantúil na lamháltas arna n-eisiúint ag na Ballstáit i gcomhréir le Cinntí ón gCoimisiún maidir lena bpleananna leithdháileacháin náisiúnta don tréimhse ó 2008 go 2012, agus tá feidhm aige maidir le cainníocht na lamháltas a chomhfhreagraíonn do mheánastaíochtaí na ngníomhaíochtaí muiriompair arna dtuairisciú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/757 ([4]) do 2018 agus 2019 a dtugtar aghaidh orthu in Airteagal 3ga de Threoir 2003/87/CE. Tá cur i bhfeidhm an fhachtóra línigh ar na cainníochtaí sin cothrom le laghdú bliantúil ar na lamháltais atá le heisiúint san Aontas de 87 924 231 lamháltas. I gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir 2003/87/CE, chun an luach do 2024 a leagtar amach sa Chinneadh seo a ríomh, déantar cainníocht na lamháltas ar fud an Aontais a eascraíonn as na hathruithe a leagtar amach in aithris (2) a laghdú faoin méid iomlán de bharr an fhachtóra laghdaithe línigh.

(4) Áirítear Stáit an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch agus Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa i gcainníocht na lamháltas ar fud an Aontais do 2024 agus i laghdú bliantúil na lamháltas atá le heisiúint san Aontas mar thoradh ar chur i bhfeidhm an fhachtóra laghdaithe línigh.

([1]) IO L 275, 25.10.2003, lch. 32.
([2]) IO L 386, 18.11.2020, lch. 26.
([3]) Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023, lch. 134).
([4]) Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55).

(5) De bhun Airteagal 9a(4) de Threoir 2003/87/CE, ba cheart do chainníocht na lamháltas ar fud an Aontais do 2024 eisiamh suiteálacha beaga ó CTA AE a chur san áireamh de bhun Airteagal 27 de Threoir 2003/87/CE. Níor tharla aon eisiamh den sórt sin ó foilsíodh Cinneadh (AE) 2020/1722.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir 2003/87/CE, foilseoidh an Coimisiún cainníocht na lamháltas ar fud an Aontais faoin 6 Meán Fómhair 2023.

(7) Déanfar cainníocht iomlán na lamháltas atá le leithdháileadh i leith oibreoirí aerárthaigh don bhliain 2024 a fhoilsiú ar leithligh mar a leagtar amach in Airteagal 3c de Threoir 2003/87/CE, agus, dá bhrí sin, ní áirítear í i gcainníocht na lamháltas ar fud an Aontais a fhoilsítear sa Chinneadh seo.

(8) Ar an mbonn sin, ba cheart cainníocht na lamháltas ar fud an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir 2003/87/CE do 2024 a bheith 1 386 051 745,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Le haghaidh 2024, is é 1 386 051 745 cainníocht na lamháltas ar fud an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir 2003/87/CE.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN